



An
Bord
Pleanála

Clár oibre don Éisteacht Ó Bhéal

ABP-301908 agus ABP-302039

Cásanna	ABP-301908 – Tionscadal Draenála Mhórcheantar Átha Cliath ABP-302039 – Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uisce Éireann (Tionscadal Draenála Mhórcheantar Átha Cliath) Order 2018.
Dáta	20 Márta 2019
Am Tosaithe	10.00 a.m.
Suíomh	The Ballroom Suite, Hotel Riu Plaza The Gresham Dublin, 23 Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

<u>Lá 1 – Dé</u>	Réamhrá an Chigire
<u>Céadaoin</u>	Aighneacht Uisce Éireann.
<u>20th - An</u>	Iarrtar ar an iarratasóir díriú ar na saincheisteanna san iarratas pleanála san ord seo a leanas: Ba chóir díriú ar thopaicí san ordú thíos agus laistigh den tréimhse luaite:
<u>Mhaidin</u>	
	<ul style="list-style-type: none">- Foramharc ar an tionscadal- Cur síos ar an tionscadal, riachtanas, malairtí, próiseas Mheasúnú Tionchair Timpeallachta- Pleanáil- Comhairliúcháin

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

Meastar go bhféadfadh an t-iarratasóir díriú ar na nithe thuas in imeacht dhá uair go leith, ag féachaint don iarratas a eisíodh roimhe seo chun athrá ar aighneachtaí scríofa a sheachaint.

Ní mór don aighneacht phleanála díriú ar:

- leagan chun dáta den Tuarascáil Pleanála
- aon riachtanas pleanála a bhaineann leis an gCreat-Treoir Straitéise Muirí agus Bithsféar UNESCO
- beartas maidir le crios glas agus cuspóir zónála an chreasa ghlaise
- saincheistanna pleanála atá tarraingthe anuas ag breathnóirí, an t-údarás pleanála agus comhlachtaí forordaithe

Ba chóir don chur i láthair Comhairliúcháin díriú ar fhreagra a thabhairt ar aon saincheistanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí a rinneadh i dtaobh an iarratais seo.

Lá 1 – Dé
Céadaoin
20^ú - An
Iarnóin

- Cáilíocht an Uisce Mhuirí (uair an chloig)
- Bithéagsúlacht (Muirí) (30 nóiméad)
- Bithéagsúlacht (Éaneolaíocht Mhuirí) (30 nóiméad)
- Bithéagsúlacht (Trastíre agus Uisceach Fionnuisce) (30 nóiméad)
- Ráiteas Tionchair Natura (30 nóiméad)

Ba chóir go mbeadh eolas sa léiriú ar cháilíocht an uisce mhuirí ar an measúnú ar 'leibhéil na Rinne' de chomhdhlúthú eiseilteach colaíoch agus freagra ar údair imní a luadh sna haighneachtaí scríofa.

Ba chóir do na hurlabhraithe eile díriú ar na tionchair shuntasacha a aithint agus a mhaolú agus freagra a thabhairt ar aighneachtaí scríofa.

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

<p><u>Lá 2 -</u> <u>Déardaoin</u> <u>21^ú - An</u> <u>Mhaidin</u> <u>(09.30)</u></p>	<p>Leanfaidh léiriú Uisce Éireann ar aghaidh leis na topaicí seo a leanas (3 uair an chloig)</p> <ul style="list-style-type: none">- Daonra agus Sláinte an Duine- Iompar- Aer, Boladh agus Aeráid <p>Iarrtar ar an iarratasóir díriú ar fhreagra a thabhairt ar aighneachtaí scríofa agus ar thionchar an aeir/an bholaithe ar ghlacadóirí íogair (institiúidí cónaithe agus míochaine san áireamh) gar do stáisiún caidéalúcháin Bhaile an Aba, an gléasra cóireála fuíolluisce / mol dríodair agus an tsaoráid réigiúnach chun bithsholaid a stóráil.</p> <p>Iarrtar ar an iarratasóir trácht a dhéanamh ar na difríochtaí sa chur chuige i leith measúnú ar aer agus boladh faoi imleabhair 3 agus 4 den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta.</p>
<p><u>Lá 2 -</u> <u>Déardaoin</u> <u>21^ú - An</u> <u>Iarnóin</u></p>	<p>Leanfaidh léiriú Uisce Éireann ar aghaidh leis na topaicí seo a leanas (3 uair an chloig, 30 nóiméad)</p> <ul style="list-style-type: none">- Torann agus Creathadh- Tírdhreach agus Físeach- Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha- Hidreolaíocht agus Hidrigheolaíocht- Ithreacha agus Geolaíocht- Agranaimíocht- Fuíoll- Sócmhainní Ábhar- Riosca Mórthimpistí / Tubaistí <p>Ba chóir d'urlabhraithe díriú ar na tionchair shuntasacha a aithint agus a mhaolú agus freagra a thabhairt ar aighneachtaí scríofa.</p>

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

<u>Lá 3 - Dé</u> <u>hAoine 22^ú</u> <u>- An</u> <u>Mhaidin</u> <u>(09.30)</u>	Leanfaidh léiriú Uisce Éireann ar aghaidh leis na topaicí seo a leanas (3 uair an chloig) <ul style="list-style-type: none">- Saincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an tSaoráid Réigiúnach chun Bithsholaid a Stóráil.- Tionchair charnacha agus idirghníomhaíochtaí comhshaoil i gcás an tionscadail ina iomláine. Ba chóir tátail ar thionchair charnacha agus ar idirghníomhaíochtaí comhshaoil i gcás gach topaice a chur san áireamh anseo.- Saincheisteanna dlí
<u>Lá 3 - Dé</u> <u>hAoine 22^ú</u> <u>- An</u> <u>Iarnóin - go</u> <u>dtí 16.30</u>	Aighneacht ó aon ionadaí tofa atá i láthair. Beidh deis eile acu ar Lá 4 ar a 9.30. <ul style="list-style-type: none">- Thomas Broughan, T.D.- Clare Daly T.D.- Sean Haughey, T.D. Léiriú ó Chomhairle Contae Fhine Gall Mar chuid den léiriú sin, iarrtar ar an údarás pleanála aon údair imní eile a aithint, údair nach meastar a réitíodh sa fhreagra a fuarthas ó Uisce Éireann ar an 11 Eanáir, 2109, trácht eile a dhéanamh ar cheist an ghnóthachain phleanála agus díriú ar deireadh ar conas a réitíonn an fhorbairt leis an mbeartas maidir le crios glas agus cibé arbh fhiú an láithreán nó ciumhais an láithreáin a dhéanamh níos tréscailtí. (uair an chloig) <p>Aon aighneacht ó aon údarás pleanála eile.</p> Aighneacht ó aon chomhlacht forordaithe eile atá i láthair. <p>Is é an aidhm an lá a thabhairt chun críche faoi 16.30.</p>
<u>Lá 4 – Dé</u> <u>Máirt 26^ú -</u> <u>09.30</u>	Le haighneachtaí ó bhreathnóirí a osclófar an seisiún. <p>Aithnítear i liosta na mbreathnóirí daoine a bhfuil sé tugtha le fios acu go mbeidh siad i láthair ag an éisteacht agus a bhfuil tréimhse</p>

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

ama iarrtha acu. Beifear solúbtha ó thaobh an oird ina dtiocfaidh breathnóirí i láthair. Breathnóirí a bhfuil leasanna i bpáirt acu, is féidir gur mhaith leo cás a chur i láthair in éineacht.

- Sean Lyons agus daoine eile (uair an chloig)
- Eamonn Hart (10 nóiméad)
- Joe agus Elaine Jones
- Theresa Doyle agus daoine eile (uair an chloig)
- Gannon Properties (20 nóiméad)
- Brendan Regan (10 nóiméad)
- Eileen Cantwell agus daoine eile (5 nóiméad)
- Cumann Pobail Phort Mearnóg / Pat Suttle (10 nóiméad)
- Philip Swan (15 nóiméad)
- Donna Cooney (20 nóim)
- Snámhóirí Farraige na Trá Veilbhite / Catherine McMahon (30 nóiméad)
- Bette Browne (20 nóim)
- Sabrina Joyce-Kemper (uair an chloig)

Ar chríoch na n-aighneachtaí, beidh deis ag breathnóirí ceisteanna a chur ar Uisce Éireann, ar na húdaráis phleanála agus ar na comhlachtaí forordaithe. Cuirfear ceisteanna na mbreathnóirí san ord atá tugtha thuas.

Lá 5 – Dé
Céadaoin
27^ú -
Ceisteanna
ar leanúint

Ceisteanna ar leanúint

Ar chríoch na gceisteanna ó bhreathnóirí, féadfaidh na húdaráis phleanála agus na comhlachtaí forordaithe ceisteanna a chur ar an iarratasóir.

Modúl 1 – Iarratas Pleanála Dhraenáil Bhaile Átha Cliath – ABP-301908

**Lá 6 –
Déardaoin
28^ú Márta**

Ceisteanna ar leanúint - Athrú ionaid go dtí oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde.

Is féidir le breathnóirí, na húdaráis phleanála agus na comhlachtaí forordaithe agus ar deireadh an t-iarratasóir **aighneachtaí scoir** a dhéanamh.

Rud roghnach is ea aighneacht scoir agus ní mór dóibh a bheith gearr (faoi 10 nóiméad). Ba chóir achoimre a dhéanamh iontu ar na pointí a tarraingíodh anuas cheana agus níor chóir fianaise nua a thabhairt isteach i gcás ar bith.

Modúl 2 – Iarratas ar Cheannach Éigeantach – ABP-302039 - le tosú Dé Máirt 2^ú Aibreán in oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde.

**Lá 7- Dé
Máirt 2^ú
Aibreán in
oifigí an
Bhoird
Pleanála, 64
Sráid
Mhaoilbhríde.**

Aighneacht Uisce Éireann

Iarrfar ar Uisce Éireann cás don Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a chur i láthair agus freagra a thabhairt ar agóidí aonair. Iarrtar ar an iarratasóir achoimrí a dhéanamh den Raontuarascáil, de Thuarascáil an Innealtóra agus de na Tuarascálacha Pleanála, atá faighte cheana féin ag an mBord. Níor chóir go mairfeadh an léiriú níos faide ná ceithre huaire an chloig.

Aighneachtaí ó agóideoirí – níor chóir go mbainfidís ach leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh

Ba chóir aon ábhar maidir le húdair inní phleanála nó comhshaoil a chur i láthair i Modúl 1.

Ag an éisteacht a shocrófar an t-ord ina dtiocfaidh cainteoirí i láthair.

Ceisteanna.

Ráitis Scoir.

Nótaí

- Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceistanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.
- Agus léiriú á dhéanamh ar an ábhar foriomlán an iarratais, agus an RBSF san áireamh, iarrtar ar an iarratasóir a chinntiú nach mbeidh aon bhearna sa mheasúnú ar thionchair charnacha agus go gcuirtear an t-iarratas i láthair an Bhoird mar thionscadal amháin beag beann ar leithroinnt an RBSF ina imleabhar ar leith den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta.
- Má chuirtear ráitis scríofa isteach, ní mór dóthain cóipeanna a sholáthar le scaipeadh ar na páirtithe eile. Is amhlaidh i gcás aon doiciméid/phlean/líníocht a chuirtear i láthair na héisteachta. Ba chóir trí chóip d'aon doiciméad scríofa a chur ar fáil do chomhad an Bhoird.
- Moltar don iarratasóir a chinntiú go mbíonn gach duine atá páirteach san iarratas agus bainteach leis na doiciméid a ghabhann leis ar fáil chun aon cheist is gá a fhreagairt.
- Ní gá d'aon pháirtí ráiteas scoir a dhéanamh.
- Ba chóir aon argóintí dlí a bheith mar chuid d'aighneacht an pháirtí lena mbaineann.
- Níl aon ról ná dlínse ag an mBord chun cúiteamh a chinneadh ná a mheas agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.
- Níor chóir a chur san áireamh in aighneachtaí maidir le horduithe ceannaigh éigeantaigh ach cúrsaí a bhaineann le cinneadh an Bhoird ar an ábhar; níor chóir díriú ar nithe a bhaineann leis an iarratas pleanála.
- Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhoird. Is é an Bord a chinnfidh cibé an ndeimhneofar an tOrdú

Ceannaigh Éigeantaigh nó an gcuirfear ar neamhní é agus cibé an gceadófar nó a ndiúltófar an Fhorbairt Straitéiseach Bonneagair bheartaithe.

- Féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaí ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta seo.
- Clár oibre agus clár ama táscach amháin atá tugtha thuas, agus is féidir go n-athróidh siad le linn na héisteachta.